An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

FOIRM B

Deimhniú d'Fhostaíocht Iarcháilíochta mar Mhúinteoir (FIC) i Scoileanna Neamh-Phíolótach (MÚINTEOIRÍ IAR-BHUNSCOILE AMHÁIN)

Réamhrá

Déantar múinteoirí nach gcomhlíonann na riachtanais uile chun bheith cláraithe go hiomlán a chlárú go coinníollach. Ní mór d'iarratasóirí fianaise a sholáthar go ndearna siad 300 uair an chloig múinteoireachta i scoil aitheanta chun an coinníoll maidir le Fostaíocht Iarcháilíochta (FIC) a chomhlíonadh, agus caithfidh príomhoide na scoile an fhianaise sin a fhíorú agus a shíniú. Caithfidh dhá thrian (⅔) (200 uair an chloig) ar a laghad den taithí faofa a bheith bainteach le hábhar curaclaim a mhúineadh do rang ainmnithe ar chlár ama na Scoile, lena n-áirítear Treoirchomhairliú. Féadfaidh suas le haon trian (⅓) (100 uair an chloig) den taithí faofa a fháil trí chúraimí i ndáil le tacaíocht foghlama, riachtanais speisialta, tacaíocht teanga nó ról eile os comhair an ranga. Ní mór do mhúinteoirí an riachtanas seo a chomhlíonadh laistigh de thrí bliana ón dáta clárúcháin.

Tábhachtach:

1. Is faoin mhúinteoir cláraithe féin atá sé poist mhúinteoireachta a fháil a chuirfidh ar a chumas nó ar a cumas riachtanais an phróisis seo a chomhlíonadh.
2. Glacfar le fostaíocht mar mhúinteoir ionaid chun críocha an riachtanais seo.
3. Ní ghlacfar le fostaíocht mar mhúinteoir i mbunscoil chun críocha riachtanais FIC a chomhlíonadh.
4. Ní ghlacfar le haon chineál fostaíochta seachas fostaíocht mar mhúinteoir cáilithe (tar éis cáilíocht mhúinteoireachta a bhaint amach) ar an bhfoirm seo.
5. Ní mór d'iarratasóirí fianaise ar fhostaíocht mhúinteoireachta a sholáthar a bheidh fíoraithe agus sínithe ag príomhoide na scoile ina ndearnadh iad a fhostú. I gcás go raibh múinteoir fostaithe i níos mó ná scoil amháin (mar mhúinteoir láncháilithe), ní mór don mhúinteoir foirm ar leith a chur ar fáil do gach scoil. Is féidir na huaireanta a caitheadh ag teagasc i scoileanna éagsúla a chomhbhailiú chun an tairseach 300 uair an chloig a bhaint amach trí roinnt cóipeanna den fhoirm a chomhlánú – cóip do gach scoil faoi seach.
6. Caithfidh dhá thrian (⅔) (200 uair an chloig) ar a laghad den fhostaíocht inghlactha a bheith bainteach le hábhar curaclaim nó Treoirchomhairliú a mhúineadh do rang ainmnithe ar chlár ama na scoile.
7. Féadfar suas le haon trian (⅓) (100 uair an chloig) den fhostaíocht inghlactha a fháil trí chúraimí i ndáil le tacaíocht foghlama, Riachtanais Speisialta, Tacaíocht Teanga nó gníomhaíochtaí teagaisc eile ar an gclár ama a chomhlíonadh.
8. Ní mór do mhúinteoir an riachtanas seo a chomhlíonadh laistigh de thrí bliana ón dáta clárúcháin. Féadfaidh múinteoir iarratas a dhéanamh chun na Comhairle le go ndéanfaí an tréimhse trí bliana a shíneadh in imthosca eisceachtúla.
9. Féadfar an fhoirm a chomhlánú i leith scoileanna dara leibhéal atá aitheanta ag an stát i stát ar bith.
10. Féadfar an fhoirm seo a chomhlánú freisin i leith ábhair churaclaim a theagasc (a scrúdaíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit) in Ionaid Oideachais aitheanta in Éirinn ina mbíonn sé mar chuid den seirbhís múinteoireachta na mic léinn a ullmhú do Scrúduithe Stáit.
11. Is féidir ábhair a múineadh seachas iad sin a scrúdaíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit in Éirinn (e.g. FETAC nó City & Guilds etc.) a chur san áireamh chun críocha an riachtanais 100 uair an chloig.
12. Tabhair faoi deara go rachaidh an clárú in éag i gcás nach gcomhlíontar an riachtanas maidir le Fostaíocht Iarcháilíochta (FIC) laistigh den tréimhse ama shonraithe, mura rud é go gceadaítear síneadh ama a chur leis an tréimhse sin.

Tá an fhoirm ar fáil ar an chéad leathanach eile. Ní mór Cuid A agus Cuid C a chomhlánú i gcás go ndearnadh seirbhís múinteoireachta roimhe seo i bPoblacht na hÉireann. Ní mór Cuid A agus Cuid B agus Cuid C a chomhlánú i gcás go ndearnadh seirbhís múinteoireachta lasmuigh de Phoblacht na hÉireann.

Déan an fhoirm chomhlánaithe a sheoladh chuig:
Clárú Múinteoirí Iar-Bhunscoile, An Chomhairle Mhúinteoireachta, Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara, Éire.

NÓTA TÁBHACHTACH: Déan Cuid A agus Cuid C a chomhlánú i gcás go ndearnadh seirbhís múinteoireachta roimhe seo i bPoblacht na hÉireann. Déan Cuid A agus Cuid B agus Cuid C a chomhlánú i gcás go ndearnadh seirbhís múinteoireachta lasmuigh de Phoblacht na hÉireann.

CUID A — FOSTAÍOCHT MHÚINTEOIREACHTA I SCOILEANNA AITHEANTA LE COMHLÁNÚ AG GACH IARRATASÓIR

AINM AN MHÚINTEORA:				
SEOLADH:				
UIMHIR CHLÁRÚCHÁIN:		UIMHIR PSP:		
SCOILBHLIAIN:		UIMH. ROLLA NA SCOILE:		
FAD NA SEIRBHÍSE Tabhair dátaí cruinne e.g. 1/9/2013 go 30/6/2014:				
AINM FOIRMEÁLTA NA SCOILE:				
SEOLADH NA SCOILE:				

ÁBHA(I)R A MÚINEADH	ÁBHAR/RÉIMSE_1	ÁBHAR/RÉIMSE _2	ÁBHAR/RÉIMSE _3	ÁBHAR/RÉIMSE _4
Líon Iomlán na n-uaireanta teagaisc don ábhar seo le linn na tréimhse sonraithe:				
Cineál Seomra Ranga (Príomhshruth/Tacaíocht Foghlama/Acmhainní etc.)				

Deimhním go bhfuil na sonraí thuas ceart agus cruinn ar gach slí.

Síniú an Mhúinteora		**Dáta:**	

CUID B — FOSTAÍOCHT MHÚINTEOIREACHTA I SCOILEANNA LASMUIGH D'ÉIRINN AMHÁIN
Le comhlánú ag Príomhoide na Scoile

Le linn na tréimhse seirbhíse, an raibh deiseanna réasúnacha ag an múinteoir taithí a fháil ar mhodhanna teagaisc agus an raibh fianaise ann go raibh cumas teagaisc agus cumas bainistithe ranga aige/aici?	Bhí ❑ Ní Raibh ❑
An raibh an múinteoir láncháilithe nó aitheanta ag an Údarás Stáit nuair a rinneadh an tseirbhís seo?	Bhí ❑ Ní Raibh ❑
An raibh an tseirbhís ina cuid de phróiseas oideachais nó promhaidh le haghaidh múinteoirí a mbíonn múinteoir láncháilithe/aitheanta ina dhiaidh?	Bhí ❑ Ní Raibh ❑
An mbíonn an scoil faoi réir iniúchadh ag an Údarás Stáit?	Bíonn ❑ Ní Bhíonn ❑
An mbíonn an scoil ag fáil cistí (nó i dteideal cistí a fháil) ón Údarás Stáit?	Bíonn ❑ Ní Bhíonn ❑
An bhfuil an fhaisnéis thuasluaite fíoraithe ag taifid na scoile?	Tá ❑ Níl ❑

CUID C — DEIMHNIÚ - LE COMHLÁNÚ AG PRÍOMHOIDÍ* AMHÁIN

Deimhním gur chuir an múinteoir a ainmnítear sa doiciméad seo seirbhís shásúil ar fáil ar feadh na tréimhse a thaifeadtar ar an bhfoirm seo.

Ainm Phríomhoide na Scoile:		Uimhir Chlárúcháin:	
Síniú Phríomhoide na Scoile:		Dáta:	
Ainm na Scoile:		Stampa na Scoile:	CUIR STAMPA OIFIGÚIL NA SCOILE ANSEO

Déan an fhoirm seo (leis an síniú bunaidh agus stampa bunaidh na scoile uirthi) a sheoladh chuig: Clárú Múinteoirí Iar-Bhunscoile, An Chomhairle Mhúinteoireachta, Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara, Éire

* I gcás Ionaid Oideachais in Éirinn atá gan Phríomhoide, féadfaidh POF an Bhoird Oideachais agus Oiliúna (BOO) nó Ceann Achmhainní Daonna an BOO sin (ar a dtugtaí an Coiste Gairmoideachais) cuid C den fhoirm a chomhlánú.